

OLLSCOIL NA hÉIREANN
RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2017

NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
FINANCIAL STATEMENTS
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED
31 DECEMBER 2017



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

OLLSCOIL NA hÉIREANN
RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

CLÁR ÁBHAR	LEATHANACH
Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialú Inmheánach	1 - 3
Ráiteas maidir le Dualgais an tSeanaid	4
Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha	5 - 7
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	8 - 9
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	10 - 11
Ráiteas ar Staid Airgeadais	12
Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí	13
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	14
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	15 - 31

**NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
FINANCIAL STATEMENTS
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2017**

CONTENTS	PAGE
Statement of Governance and Internal Control	1 - 3
Statement of the Senate's Responsibilities	4
Report of the Independent Auditors	5 - 7
Report of the Comptroller and Auditor General	8 - 9
Statement of Comprehensive Income	10 - 11
Statement of Financial Position	12
Statement of Changes in Reserves	13
Statement of Cash Flows	14
Notes to the Financial Statements	15 - 31

OLLSCOIL NA hÉIREANN RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

Admhaíonn Seanad Ollscoil na hÉireann (OÉ) go bhfuil sé freagrach as, agus tá sé sásta chomh fada agus is eol dó go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na ndualgas reachtúla uilig a bhaineann leis an Ollscoil a d'fhéadfadh a bheith leagtha síos sa reachtaíocht a rialaíonn bunú na hOllscoile nó in aon reachtaíocht ábhartha eile.

Comhlíontar polasaithe an rialtais maidir le (a) pá, (b) taisteal, (c) luach ar airgead agus (d) díol sócmhainní. Cloítear le polasaí an Rialtais i dtaca le soláthar, taobh amuigh de líon an-bheag d'eisceachtaí mar a liostaítear ar thuairiscí inmheánacha. Tá an Ollscoil comhlíontach go hiomlán le dlíthe cánach. Tá na costais a íoctar le comhaltaí an tSeanaid ag teacht leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (níl táillí iníoctha le comhaltaí an tSeanaid); leagtar amach sonraí ar na costais chomhiomlánaithe i Nóta 25 de na Ráitis Airgeadais.

Tá na gnásanna cuí uile do thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus díol sócmhainní á gcur i bhfeidhm.

Léiríonn na ráitis airgeadais bhliantúla aon eachtraí ábhartha i ndiaidh an chláir chomhardaithe, faoi réir an Chleachtais Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn (GAAP na hÉireann), lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 'an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn' arna chur chun cinn ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn agus dlí na hÉireann. Leagtar amach sna ráitis airgeadais freisin aon fhorbairtí atá suntasach ó thaobh airgeadais de a théann i gcion ar an Ollscoil i rith na bliana nó is dócha a tharlóidh sa ghearrthéarma go meántéarma.

Cuirtear rialachas i bhfeidhm i gcomhréir le Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann 2012, mar a dhréachtaigh an tÚdarás um Ard-Oideachais agus Cumann Ollscoileanna na hÉireann. Tá cód leasaithe don earnáil á fhorbairt faoi láthair chun na forálacha sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chur san áireamh. Tá Cóid Iompair do chomhaltaí an tSeanaid agus d'Fhoireann na hOllscoile ceadaithe ag an Seanad.

Córas do Rialú Inmheánach

Admhaíonn an Seanad go bhfuil sé freagrach as córas na hOllscoile do rialú inmheánach, a chuimsíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais um bhainistiú riosca, a thacaíonn le baint amach pholasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí OÉ, agus cistí agus sócmhainní a bhfuil an Seanad freagrach as á gcaomhnú.

Is cinnteacht réasúnta amháin, seachas cinnteacht iomlán, a chuireann an córas seo ar fáil, go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, bearta airgeadais á gceadú agus taifid chuí á gcoimeád ina dtaobh, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtacht ábharach nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad.

Tá cnuasach de fhreagrachtaí bainistíochta sainithe go soiléir curtha ar bun ag an Seanad le soláthar do rialuithe agus seiceálacha lena n-áirítear idirdhealú ar dhualgais agus prótacal údaraithe tarmligthe foirmiúil atá ag teacht leis an líon beag foirne atá ag an Ollscoil. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe atá comhdhéanta go foirmiúil, le téarmaí tagartha sainithe a bhaineann go soiléir lena údarás agus lena dhualgais (féach thíos). Tá feidhm ghairmiúil iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ar bun, le gaol tuairiscithe don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Tá ball foirne sinsearach ceaptha mar Phríomh-Oifigeach Riosca agus cuireann an Polasaí ceadaithe um Bhainistiú Riosca i bhfeidhm, polasaí a ghlacadh i ndiaidh machnaimh ar thuairisc ghairmiúil sheachtrach; tá Clár Riosca bunaithe agus, chomh maith le machnamh ar chúrsaí riosca ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar son an tSeanaid (féach thíos), déanann bainistíocht na hOllscoile athbhreithniú ar bhonn rialta ar na rioscaí a aithnítear a bheith ábhartha don Ollscoil.

**NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
STATEMENT OF GOVERNANCE AND INTERNAL CONTROL
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2017**

The Senate of the National University of Ireland (NUI) acknowledges that it is responsible for, and is satisfied to the best of its knowledge and belief that the University is in compliance with all statutory obligations applicable to the University that may be set out in legislation governing the establishment of the University or in other relevant legislation.

Government policies in respect of (a) pay, (b) travel, (c) value for money and (d) asset disposal are complied with. Government policy in respect of procurement is complied with, apart from a very small number of exceptions as listed on internal reports. The University is fully compliant with tax laws. The expenses paid to members of Senate are in accordance with the guidelines from the Department of Public Expenditure and Reform (fees are not payable to members of Senate); details of the aggregate expenses are set out in Note 25 of the Financial Statements.

All appropriate procedures for financial reporting, internal audit and asset disposals are being carried out.

The annual financial statements reflect any relevant post-balance sheet events, in accordance with Irish Generally Accepted Accounting Principles in Ireland, including Financial Reporting Standard 102 'The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland' and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland and Irish law. Any financially significant developments affecting the University during the year or likely to arise in the short to medium term are also set out in the financial statements.

Governance is administered in accordance with the Code of Governance of Irish Universities 2012, as drafted by the HEA and the Irish Universities Association. A revised code for the sector is currently being developed to reflect the provisions of the 2016 Code of Practice for the Governance of State Bodies. Codes of Conduct for members of Senate and Staff of the University have been approved by Senate.

System of Internal Control

The Senate acknowledges that it is responsible for the University's system of internal control, covering all material controls including financial, operational and compliance controls and risk management systems, that support the achievement of the NUI policies, aims and objectives while safeguarding the funds and assets for which the Senate is responsible.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that the assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material error or other irregularities are either prevented or would be detected on a timely basis.

The Senate has put in place sets of clearly defined management responsibilities with provision for controls and checks including segregation of duties and a formal delegated authority protocol consistent with the small size of the University's staff complement. A formally constituted Audit and Risk Committee with defined terms of reference, which deal clearly with its authority and duties has been established (see below). An out-sourced professional internal audit function is in place, with a reporting relationship to the Audit and Risk Committee.

A senior member of staff has been appointed as Chief Risk Officer and operates the approved Risk Management Policy, adopted following consideration of an external professional report; a Risk Register has been established and, in addition to the consideration of risk matters by the Audit and Risk Committee on behalf of Senate (see below), the risks identified as applying to the University are reviewed on a regular basis by the University's management.

OLLSCOIL NA hÉIREANN
RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

Mar a luadh cheana, tá dhá mhór fhochoiste ag cuidiú leis an Seanad maidir leis an gcóras do rialú inmheánach (agus an ról rialaithe i gcoitinne): an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca.

Mór-fhochoiste den Seanad is ea an **Coiste Airgeadais** atá bunaithe ag Reachtaíocht OÉ. Cuireann an Coiste comhairle ar an Seanad maidir le na nithe airgeadais uile a bhaineann leis an Ollscoil. Buaileann an Coiste le chéile roimh gach cruinniú Seanaid agus, mar sin, bhí trí chruinniú dá leithéid aige le linn 2017. Stiúran an Coiste an próiseas buiséadaithe bliantúil agus, nuair atá an buiséad ceadaithe ag an Seanad, déantar monatóireacht agus anailís athraithe leanúnach air. Stiúran an Coiste freisin cúrsaí comhlíonta lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le dlí cánach agus le polasaithe na hearnála poiblí ar chostais taistil agus ar cheisteanna a bhaineann le luach ar airgead i gcoitinne.

I measc na mór-nithe sainiúla a rinneadh machnamh orthu le linn na bliana bhí:

- (a) Na Ráitis Airgeadais do 2016 agus Buiséad Ioncaim agus Caiteachais do 2017 a cheadú.
- (b) Athbhreithniú agus faomhadh ar thuiriscí ón gCoiste Comhairligh Infheistíochta maidir le bainistiú straitéis agus feidhmíocht na punainne Infheistíochta.

Bunaíodh an **Coiste Iniúchta agus Riosca** go foirmiúil i 2010 agus athbhunaíodh é go foirmiúil ag reachtaíocht OÉ i 2011, le gaol tuairiscithe díreach leis an Seanad. Stiúran an Coiste feidhm an iniúchta inmheánaigh agus déanann sé machnamh ar a chuid tuairiscí rialta. Tá osradharc aige freisin ar fhorfheidhmiú an Pholasáí um Bhainistiú Riosca agus buaileann sé go rialta le Príomh-Oifigeach Riosca na hOllscoile. Bíonn caidreamh ag an gCoiste le hiniúcháirí seachtracha na hOllscoile agus buaileann sé ar bhonn bliantúil le foireann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Eisíonn an Coiste tuairisc chuig an Seanad i ndiaidh gach ceann dá chruinnithe, agus tuairisc bhliantúil chuig cruinniú an tSeanaid i mí Eanáir. Bhuail an Coiste le chéile ceithre huairé in 2017 agus rinne na gníomhaíochtaí seo a leanas, i measc nithe eile, i rith na bliana.

- (a) Togra don Seanad le Reacht 270 a fhaomhadh in Eanáir 2017 lenar nuashonraíodh na téarmaí tagartha don Choiste i gcomhréir leis an dea-chleachtas rialachais.
- (b) Athbhreithniú an Ráitis maidir le Rialachas agus Rialú Inmheánach le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do 2016.
- (c) Cruinniú le hionadaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun iniúchadh na bliana 2016 agus saincheisteanna litreacha bainistíochta ag eascairt as a phlé, chomh maith lena dtogra go ndéanfaí iniúchadh reachtúil 2017 a sheachfhoinsiú.
- (d) Athbhreithniú ar an doiciméad scóipe um Iniúchta Inmheánaigh 2017 a chuir RSM Northern Ireland i láthair, chomh maith le hathbhreithniú agus faomhadh na tuairisce Iniúchta Inmheánaigh 2017 a rinneadh dá bharr, ag nótaíl leibhéal sásúil i gcoitinne an dearbhaithe gur féidir brath ar na córais laistigh den ollscoil gnóthachtáil na gcuspóirí ar an iomlán a sheachadadh.

Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an tSeanaid ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach le linn 2017 á threorú ag na tuairiscí rialta ón gCoiste Airgeadais, ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ó bhainistíocht na hOllscoile. Tógann an Seanad san áireamh freisin na nótaí tráchta ón iniúcháir seachtrach (an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste) agus ó na hiniúcháirí seachtracha in aon litreacha um bhainistiú iniúchta a fhaightear.

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach le linn 2017 a chruthódh cailteanas, teagmhas nó éiginnteacht ábhartha nó ba chóir a nochtadh i ráiteas maidir le rialachas agus rialú inmheánach. Tá an Seanad tiomanta d'athbhreithniú leanúnach ar na córais do bhainistiú riosca agus rialú inmheánach le fócas láidir ar a chinntiú go bhfuil siad éifeachtúil agus éifeachtach araon.

**NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
STATEMENT OF GOVERNANCE AND INTERNAL CONTROL
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2017**

As already mentioned, assisting the Senate in relation to the system of internal control (and the governance role generally) are two major sub-committees: the Finance Committee and the Audit and Risk Committee.

The **Finance Committee** is a major sub-committee of the Senate and is established by NUI Statute. The Committee advises the Senate on all financial matters relating to the University. The Committee meets in advance of each Senate meeting and as such held three meetings in 2017. The Committee oversees the annual budgeting process which, once the budget is approved by the Senate is subject to ongoing monitoring and variance analysis. The Committee also overviews compliance matters including those relating to taxation law and to public sector policies on travel costs and value for money issues generally.

Specific major matters considered during the year included:

- (a) Approval of the Financial Statements for 2016 and an Income and Expenditure Budget for 2017.
- (b) Review and approval of the reports of the Investment Advisory Committee in the management of the Investment portfolio strategy and performance.

The **Audit and Risk Committee** was established in 2010 and formally reconstituted by NUI statute in 2011, with a direct reporting relationship to the Senate. The Committee oversees the internal audit function and considers the latter's regular reports. It also oversees the implementation of the Risk Management Policy and meets on a regular basis with the University's Chief Risk Officer. The Committee liaises with the University's external auditors and meets on an annual basis with the staff of the Comptroller and Auditor General's Office. The Committee issues a report to Senate after each of its meetings, and an annual report to the January meeting of Senate. The Committee met four times in 2017 and undertook the following activities among others during the year.


- (a) Recommendation to Senate for the approval of Statute 270 in January 2017 updating the terms of reference for the Committee in accordance with best governance practice.
- (b) Review of the Statement of Governance and Internal Control for inclusion in the financial statements for 2016.
- (c) Meeting with a representative from the Comptroller and Auditor General to discuss the 2016 audit and management letter issues arising, in addition to their proposal to outsource the 2017 statutory audit.
- (d) Review of the 2017 Internal Audit scope document presented by RSM Northern Ireland, together with review and approval of the resulting 2017 Internal Audit report, noting the overall satisfactory level of assurance that the systems within the university can be relied upon to deliver the overall achievement of objectives.

The Senate's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal control during 2017 was informed by the regular reports from the Finance Committee, the Audit and Risk Committee and the University's management. The Senate also takes into account the comments of the statutory auditor (the Comptroller and Auditor General) and the external auditors in audit management letters received.


No weaknesses in internal control have been identified during 2017 that would lead to a material loss, contingency or uncertainty or would warrant disclosure in a statement of governance and internal control. The Senate is committed to an ongoing review of the systems of risk management and internal control with strong focus on ensuring they are efficient as well as effective.

OLLSCOIL NA hÉIREANN
RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

Sínithe:



Maurice Manning
Seansailéir




Attracta Halpin
Cláraitheoir


26/09/2018

Dáta

NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
STATEMENT OF GOVERNANCE AND INTERNAL CONTROL
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2017

Signed:


Maurice Manning
Chancellor


Attracta Halpin
Registrar

26/09/2018
Date


Date

**OLLSCOIL NA hÉIREANN
RÁITEAS MAIDIR LE DUALGAIS AN tSEANAID
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017**


Ráiteas maidir le Dualgais an tSeanaid

Tá sé de dhualgas ar an Seanad ráitis airgeadais a ullmhú in aghaidh na bliana airgeadais a thugann radharc fíor agus cruinn ar ghnóthaí na hOllscoile agus ar an bhfarasbarr nó easnamh don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú tá sé de dhualgas ar an Seanad:


- polasaithe cuí cuntasáíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta;
- cinntí agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- a rá cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainithint, agus an tionchar agus na cúiseanna le haon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaíl; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil i mbun gnó.

Tá an Seanad freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choimeád a nochtann staid airgeadais na hOllscoile go sách cruinn ag am ar bith. Tá an Seanad freagrach freisin na sócmhainní uilig atá faoina chúram a choimeád slán agus dá bharr sin gach rud is féidir a dhéanamh chun caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

Sínithe:


Maurice Manning
Seansailéir


Attracta Halpin
Cláraitheoir


Dáta

NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
STATEMENT OF SENATE'S RESPONSIBILITIES
FOR THE FINANCIAL YEAR ENDED 31 DECEMBER 2017


Statement of the Senate's Responsibilities

The Senate is required to prepare financial statements for each financial year which give a true and fair view of the state of the University and of the surplus or deficit for that period. In preparing these financial statements the Senate is required to:


- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- state whether the financial statements have been prepared in accordance with applicable accounting standards, identify those standards, and note the effect and the reasons for any material departures from those standards; and
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the University will continue in business.

The Senate is responsible for keeping adequate accounting records which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the University. The Senate is also responsible for safeguarding all assets under its operational control and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

Signed:



Maurice Manning
Chancellor



Attracta Halpin
Registrar

26/09/2018

Date



Grant Thornton

An instinct for growth™

TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

CHUIG SEANAD OLLSCOIL NA HÉIREANN

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais d'Ollscoil na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017 ina bhfuil an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar pholasaithe cuntasáiochta suntasacha.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán dlí na hÉireann agus na caighdeáin cuntasáiochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn lena n-áirítear FRS 102 “an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn” (An Cleachtas Cuntasáiochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn).

Dar linne tugann ráitis airgeadais Ollscoil na hÉireann radharc cruinn agus cothrom, faoi réir an Chleachtas Cuntasáiochta a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta - Cuntasáiochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais, de shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile mar a bhí ar 31 Nollaig 2017 agus ar a feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid don bhliain airgeadais a chríochnaigh ag an am sin.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Éire) (ISAnna (Éire)) agus de réir an dlí infheidhmithe. Tugtar tuilleadh cur síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa roinn ‘freagrachtaí an iniúcháora as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais’ dár dtuairisc. Táimid neamhspleách ar an Ollscoil de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, mar atá an Caighdeán de chuid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (IAASA) maidir le hiontaofacht, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an iniúcháora, agus na fógraí eiticíúla bunaithe ag Cuntasóirí Cairte Éireann, curtha i bhfeidhm mar a mheastar is cuí sna cúinsí don aonán. Tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

Cinntí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas mar a gcuireann ISAnna (Éire) iachall orainn tuairisciú daoibh sa chás:

- nach bhfuil úsáid an tSeanaid den bhonn gnóthais leantaigh cuntasáiochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- nár nocht an Seanad sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha a aimsíodh ar féidir go mbeidís ina gcúis amhrais faoi chumas na hOllscoile leanúint de ghlacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasáiochta ar feadh tréimhse de dhá mhí déag, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.



Grant Thornton

An instinct for growth™

INDEPENDENT AUDITORS' REPORT

TO THE SENATE OF NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

Opinion

We have audited the financial statements of National University of Ireland (“the University”) for the financial year ended 31 December 2017 which comprise the Statement of Comprehensive Income, the Statement of Financial Position, the Statement of Changes in Reserves, the Statement of Cash Flows and the related notes to the financial statements, including the summary of significant accounting policies.

The financial reporting framework that has been applied in the preparation of the financial statements is accounting standards issued by the Financial Reporting Council and promulgated by Chartered Accountants Ireland including FRS 102 “The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland” (Generally Accepted Accounting Practice in Ireland).

In our opinion, National University of Ireland’s financial statements give a true and fair view in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland and with the Statement of Recommended Practice – Accounting for Further and Higher Education of the assets, liabilities and financial position of the University as at 31 December 2017, and of its financial performance and cash flows for the financial year then ended.

Basis for opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (Ireland) (“ISAs (Ireland)”) and applicable law. Our responsibilities under those standards are further described in the ‘responsibilities of the auditor for the audit of the financial statements’ section of our report. We are independent of the University in accordance with the ethical requirements that are relevant to our audit of the financial statements in Ireland, namely the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority (IAASA) Ethical Standard concerning the integrity, objectivity and independence of the auditor, and the ethical pronouncements established by Chartered Accountants Ireland, applied as determined to be appropriate in the circumstances for the entity. We have fulfilled our other ethical responsibilities in accordance with these requirements. We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

Conclusions relating to going concern

We have nothing to report in respect of the following matters in relation to which the ISAs (Ireland) require us to report to you where:

- the Senate’s use of the going concern basis of accounting in the preparation of the financial statements is not appropriate; or
- the Senate have not disclosed in the financial statements any identified material uncertainties that may cast significant doubt about the University’s ability to continue to adopt the going concern basis of accounting for a period of at least twelve months from the date when the financial statements are authorised for issue.

TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

CHUIG SEANAD OLLSCOIL NA HÉIREANN

Eolas eile

Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas sin atá le fáil sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuairisc iniúchára fúthu sin, lena n-áirítear an Ráiteas faoi Rialachas agus Rialú Inmheánach. Tá an Seanad freagrach as an eolas eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile, agus seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátaí ráthaíochta faoi sin.

I dtaca lenár n-íniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsimid a leithéid de neamhchomhsheasmhachtaí sna ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orainn cinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha an eolais eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Ábhair ar iarradh orainn tuairisciú ina leith

- Tá gach eolas agus míniú faighte againn a bhfuil gá leis, dar linn, chun críche ár n-íniúchta.
- Dar linne, tá taifid chuntasaíochta coinnithe ag an Ollscoil a bhí imleor chun ligean do na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ar comhaortú leis na taifid chuntasaíochta.

Freagrachtaí an tSeanaid as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas maidir le Dualgais an tSeanaid, tá an Seanad freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cóir i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear FRS 102, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá an bhainistíocht freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an mbainistíocht cé acu an Ollscoil a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

Tá na daoine sin a bhfuil sé de cheangal orthu rialachas a dhéanamh freagrach as maoirsiú ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na hOllscoile.

Freagrachtaí an iniúchára as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad cuspóirí an iniúchára ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid, agus tuairisc iniúchára a eisiúint a bhfuil a dtuairim mar chuid di. Is ardeibhéal ráthaíochta é ráthaíocht réasúnta, ach ní barántas atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as chaimiléireacht nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha, dá bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta, ar bhonn aonair nó go comhiomlán, go rachaidís i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

INDEPENDENT AUDITOR'S REPORT

TO THE SENATE OF NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

Other information

Other information comprises information included in the annual report, other than the financial statements and our auditor's report thereon, including Statement of Governance and Internal control. The Senate are responsible for the other information. Our opinion on the financial statements does not cover the other information and, except to the extent otherwise explicitly stated in our report, we do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with our audit of the financial statements, our responsibility is to read the other information and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or our knowledge obtained in the audit, or otherwise appears to be materially misstated. If we identify such material inconsistencies in the financial statements, we are required to determine whether there is a material misstatement in the financial statements or a material misstatement of the other information. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

We have nothing to report in this regard.

Matters on which we were requested to report

- We have obtained all the information and explanations which we consider necessary for the purposes of our audit.
- In our opinion the accounting records of the company were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited.
- The financial statements are in agreement with the accounting records.

Responsibilities of Senate for the financial statements

As explained more fully in the Senate's responsibilities statement, Senate is responsible for the preparation of the financial statements which give a true and fair view in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, including FRS 102, and for such internal control as they determine necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

In preparing the financial statements, management is responsible for assessing University's ability to continue as a going concern, disclosing, as applicable, matters related to going concern and using the going concern basis of accounting unless management either intends to liquidate the University or to cease operations, or has no realistic alternative but to do so.

Those charged with governance are responsible for overseeing the University's financial reporting process.

Responsibilities of the auditor for the audit of the financial statements

The auditor's objectives are to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement, whether due to fraud or error, and to issue an auditor's report that includes their opinion. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with ISAs (Ireland) will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

CHUIG SEANAD OLLSCOIL NA HÉIREANN

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le ISAnna (Éire), cuirfidh an t-iniúchóir breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinneoidh sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Déanfaidh an t-iniúchóir na nithe seo a leanas freisin:

- Aithint agus measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis, nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus fianaise a fháil atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar dá dtuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh clonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht rialú inmheánach na hOllscoile.
- Meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara a dhéanann an bhainistíocht.
- A dhéanamh amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach don bhainistíocht bonn gnóthais leantach na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasann siad go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orthu aird a tharraingt i dtuairisc an iniúcháir ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, a dtuairim a leasú. Tá a dtuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta thuairisc an iniúcháir. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar an Ollscoil stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuireann an t-iniúchóir in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithnítear le linn an iniúchta.

Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith

Is leis an Seanad amháin a dhéantar an tuairisc seo, mar chomhlacht, i gcomhréir leis an scóip chomhaontaithe ár bhfostaithe. Rinneadh ár n-obair iniúchta sa chaoi is gur féidir linn a rá leis an Seanad na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúchóirí agus ní ar chúis ar bith eile. Sa mhéid is mó agus atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht d'aon duine seachas an Ollscoil agus an Seanad mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí a tháingamar orthu.


Stephen Murray

Ar son agus thar ceann

Grant Thornton

Cúntasóirí Cairte & Gnólacht Iniúchta Reachtúil

Baile Átha Cliath 2

28/9/2018

INDEPENDENT AUDITOR'S REPORT

TO THE SENATE OF NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND


As part of an audit in accordance with ISAs (Ireland), the auditor will exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. The auditor will also:

- Identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements, whether due to fraud or error, design and perform audit procedures responsive to those risks, and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for their opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- Obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the University's internal control.
- Evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures made by management.
- Conclude on the appropriateness of management's use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the University's ability to continue as a going concern. If they conclude that a material uncertainty exists, they are required to draw attention in the auditor's report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify their opinion. Their conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of the auditor's report. However, future events or conditions may cause the University to cease to continue as a going concern.
- Evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a matter that achieves a true and fair view.

The auditor communicates with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that may be identified during the audit.

The purpose of our audit work and to whom we owe our responsibilities

This report is made solely to the Senate, as a body, in accordance with the agreed scope of our engagement. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Senate those matters we are required to state to them in an auditor's report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the University and the Senate as a body, for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.


Stephen Murray

For and on behalf of
Grant Thornton
Chartered Accountants & Statutory Audit Firm

Dublin 2

26/9/2018



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Ollscoil na hÉireann

Tuairim maidir le ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha Acht Ollscoileanna na hÉireann 1908. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe i gcúlchistí
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasáíochta suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais radharc cruinn agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile mar a bhí ar 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2017 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme in RA agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá curtha chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá mo fhreagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Agus m'iniúchadh á dhéanamh agam, féachaim le brath ar fhianaise ó iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag iniúcháirí fostaithe ag an Ollscoil. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil chomh maith leis na ráitis airgeadais. Áirítear anseo

- ráiteas maidir le rialachas agus rialú inmheánach
- ráiteas maidir le dualgais an tSeanaid, agus
- tuairisc ullmhaithe ag iniúcháirí fostaithe ag an Ollscoil.

San aguisín leis an tuairisc seo tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí i dtaca leis an bhfaisnéis sin, agus i dtaca le nithe eile a dtugaim cur síos orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Shane Carton
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2018



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National University of Ireland

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the National University of Ireland for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of the Irish Universities Act 1908. The financial statements comprise

- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of changes in reserves
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the University at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the University and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

In conducting my audit, I seek to rely on evidence from an audit of the financial statements by auditors engaged by the University. I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The University has presented certain other information together with the financial statements. This comprises

- a statement on governance and internal control
- a statement of the Senate's responsibilities, and
- a report prepared by auditors engaged by the University.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Shane Carton
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

28 September 2018

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí chomhaltaí an tSeanaid

Tá na comhaltaí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear in Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908
- a chinntiú go dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cé acu an bhfuil sé cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasáochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé an bhfuil na ráitis airgeadais mar iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó neamhrialtacht. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaos nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, iontu féin nó go carnach, go bhféadfaí a mheas go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirimse breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaimse measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na ráitis airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis; déanaimse nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimse fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.
- Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimse meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaimse amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach bonn gnóthais leantaigh na cuntasáochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas comh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar an Ollscoil stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.

- Déanaimse meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuirimse in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léiríonn aon chineál de thuairim dearbhaithe ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaimse amach go bhfuil míráiteas ábhartha ar an fhaisnéis eile seo, tá orm an fhíric seo a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí a bhfuil maoiniú substaintiúil á fháil acu ón Stát i dtaca lena mbainistiú agus oibriú. Tuairiscím má tá aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcriche a bhí beartaithe nó sa chás nár lean na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím ar bhonn eisceachta freisin más rud é, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasáochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar ba cheart, nó
- nach bhfuil na the ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

Appendix to the report

Responsibilities of Senate members

The members are responsible for

